An Coimisiún Eorpach

# **Alcide De Gasperi:** idirghabhálaí a bhí tógtha leis an daonlathas agus an tsaoirse san Eoraip




*Alcide De Gasperi 1881 - 1954*

*Idir 1945 agus 1953, rinne Alcide De Gasperi, agus é ina Phríomh-Aire agus ina Aire Gnóthaí Eachtracha san Iodáil, an treo a bhí i ndán don tír sna blianta tar éis an chogaidh a mhúnlú.*

*Rugadh é i réigiún Trentino-Alto Adige (Süd-Tirol) a bhí ina chuid den Ostair go dtí 1918. Bhí sé gníomhach san fheachtas i bhfabhar aontais Eorpaigh i gcomhar le státairí móra eile le rá ag an am. I ngeall ar an taithí a bhí aige ar an bhfaisisteachas agus ar an gcogadh – bhí sé i bpríosún idir 1927 agus 1929 sular éirigh leis tearmann a fháil sa Vatacáin – bhí sé diongbháilte gur aontas Eorpach an t-aon rud a sheachnódh a leithéid arís.*

*Chuir sé tionscnaimh chun cinn arís agus arís eile a bhí dírithe ar Iarthar na hEorpa a chomhtháthú, Plean Marshall a fhíorú agus dlúthnaisc eacnamaíocha a chruthú le tíortha eile na hEorpa, an Fhrainc go háirithe. Thairis sin, thacaigh sé le Plean Schuman chun an Comhphobal Eorpach do Ghual agus Cruach a bhunú, agus chuir sé leis an smaoineamh faoi chomhbheartas Eorpach um chosaint a fhorbairt.*

## Cúlra

Rugadh Alcide De Gasperi ar an 3 Aibreán 1881. Ba ghnáthphóilín gan saibhreas mór a bhí ina athair. D'fhás sé suas i réigiún Trentino a bhí, an tráth sin, ar cheann de na ceantair inar labhraíodh Iodáilis a bhí mar chuid den ghrúpa mór ilchultúrtha de náisiúin agus de dhaoine san Impireacht Ostra-Ungárach. Ós rud é nach bhfaigheadh sé deontas chun freastal ar ollscoil Iodálach, chuaigh sé go Vín i 1900 agus rinne sé staidéar ar an bhfocleolaíocht. D'éirigh sé gníomhach i ngluaiseacht na mac léinn caitliceach i Vín. Ba le linn na tréimhse sin mar mhac léinn a d'éirigh leis na scileanna idirghabhála a thabhairt chun foirfeachta, agus bhí an-tábhacht leis na scileanna sin sna blianta a raibh sé gníomhach sa pholaitíocht. Thuig sé, mar shampla, go raibh sé níos tábhachtaí réiteach a fháil ar fhadhb ná doicheall a thabhairt agus chreid sé gurbh í an tsubstaint, agus ní an fhoirm, an rud ba thábhachtaí. Nuair a bhí céim faighte aige i 1905, d'fhill sé ar Trentino agus fuair sé post mar iriseoir leis an nuachtán La Voce Cattolica. D'éirigh sé gníomhach freisin in Unione Politica Popolare del Trentino agus toghadh é i 1911 mar ionadaí Trentino i dTeach na nIonadaithe san Ostair. Bhain sé leas as an ról sin chun feachtas a rith le cearta an mhionlaigh Iodáilise a fheabhsú.

## A thaithí ar an gCéad Chogadh Domhanda agus 'Idee ricostruttive'

Cé gur neodrach a bhí De Gasperi go polaitiúil le linn an Chéad Chogaidh Dhomhanda, bhí bá aige le hiarrachtaí na Vatacáine deireadh a chur leis an gcogadh. Nuair a tháinig an Chéad Chogadh Domhanda chun críche i 1918, tugadh réigiún baile De Gasperi don Iodáil. Bliain ina dhiaidh sin, chomhbhunaigh sé Páirtí an Phobail Iodálaigh (Partito Popolare Italiano – PPI) agus ceapadh é ina pharlaiminteoir i 1921. De réir mar a tháinig méadú ar an gcumhacht a ghabh na Faisistí ar rialtas na hIodáile faoi cheannaireacht Mussolini, úsáideadh foréigean agus imeaglú i gcoinne an PPI, agus rinneadh an páirtí a eisreachtú agus a lánscor i 1926. Gabhadh De Gasperi i 1927 agus cuireadh ceithre bliana sa phríosún air mar phianbhreith. Tháinig sé saor 18 mí ina

dhiaidh sin le cuidiú na Vatacáine. Tugadh tearmann dó laistigh de bhallaí na Vatacáine, áit a d'oibrigh sé ar feadh 14 bliain mar leabharlannaí. Le linn an Dara Cogadh Domhanda scríobh sé 'Idee ricostruttive' (Smaointe faoi atógáil) agus úsáideadh sin mar fhorógra don Pháirtí Daonlathach Críostaí a bunaíodh faoi rún i 1943. Nuair a theip ar an bhfaisisteachas, rinne De Gasperi an páirtí a stiúradh agus bhí sé ina Phríomh-Aire idir 1943 agus 1953 in ocht rialtas i ndiaidh a chéile. Fós go dtí an lá atá inniu ann, níl taifead ar fhad saoil polaitiúil níos faide ná sin i stair dhaonlathas na hIodáile.

## A ról i lánpháirtiú na hEorpa

Le linn 'ré De Gasperi' rinneadh an Iodáil a athbhunú agus leagadh síos Bunreacht poblachtach, rinneadh an daonlathas intíre a chomhdhlúthú agus glacadh na chéad chéimeanna chun an geilleagar a atógáil. Bhí De Gasperi go mór i bhfabhar an chomhair idirnáisiúnta. Ba é an duine a bhí freagrach as an gcuid is mó d'atógáil na hIodáile iarchogaidh, agus bhí sé go mór den tuairim go mbeadh ar an Iodáil a ról ar an leibhéal idirnáisiúnta a fháil ar ais. D'oibrigh sé chuige sin ar bhunú Chomhairle na hEorpa agus d'éirigh leis a chur ina luí ar an Iodáil páirt a ghlacadh i bPlean Marshall Mheiriceá agus ballraíocht a fháil in ECAT. Tharla an chomhobair dhlúth a rinne sé leis na Stáit Aontaithe tráth a raibh ceann de na páirtithe cumannacha is mó in Iarthar na hEorpa san Iodáil.

## Daonlathas, comhaontú agus saoirse

Chreid De Gasperi gur fhoghlaim gach Eorpach an ceacht seo a leanas ón Dara Cogadh Domhanda: "ní le brú ná le cur faoi chois a mhúnlófar ár dtodhchaí ach tríd an bpróiseas daonlathach a chur i bhfeidhm go foighneach, trí mheon dearfach an chomhaontaithe, agus an tsaoirse a urramú". Ba é sin a dúirt sé nuair a ghlac sé duais Charlemange i 1952 mar aitheantas ar an obair a rinne sé ar son na hEorpa. Tuigtear uaidh sin an freagra tapa a thug sé ar Robert Schuman ar an 9 Bealtaine 1950 nuair a rinne Schuman gairm ar Eoraip lánpháirtithe, agus ba in ba chúis le bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Ghual agus Cruach (CEGC) bliain ina dhiaidh sin. Ceapadh De Gasperi mar chéad-Uachtarán ar Thionól Parlaiminteach an CEGC i 1954. Cé gur theip ar an tionscadal sa deireadh, chosain De Gasperi an comhbheartas Eorpach um chosaint agus thacaigh sé leis go láidir.

## Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa

Le linn na chéad chéimeanna sin i dtreo lánpháirtiú na hEorpa, bhí ról idirghabhálaí ag De Gasperi idir an Ghearmáin agus an Fhrainc, a raibh scoilt mhór eatarthu tar éis céad bliain de chogadh. Le linn bhlianta deiridh a shaoil, ba fhórsa spreagúil a bhí ann do chruthú Chomhphobal Eacnamaíochta na hEorpa. Cé nár mhair sé fada go leor leis an toradh ar an obair sin a fheiceáil – d'éag sé i Lúnasa 1954 – tuigeadh agus conarthaí na Róimhe á síniú i 1957 go raibh ról tábhachtach aige sa phróiseas.

I ngeall ar a chúlra, ar a thaithí le linn an chogaidh, ar a thaithí ar an bhfaisisteachas agus gur ó mhionlach a tháinig sé, thuig Alcide De Gasperi go mór go raibh gá le haontas Eorpach chun an dochar a rinne an dá chogadh a leigheas agus le nach dtarlódh na huafáis a tharla san am atá caite arís. Bhí aisling shoiléir ag De Gasperi a spreag é ar feadh a shaoil - Aontas Eorpach a chruthú nach nglacfadh ionad na stát, ach go bhféadfadh na stáit agus an tAontas a chéile a chomhlánú.


© Bettmann/CORBIS

*De Gasperi ag croitheadh láimhe le Seansailéir na Gearmáine Konrad Adenauer i 1953 sa Róimh.*